

AONAD A HAON

AN TEACH



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- beannú do dhuine agus beannú ar ais
- cabhair a iarraidh agus cabhair a thairiscint
- tuairisciú
- fiosrú
- ceisteanna a chur ag lorg eolais agus ceisteanna a fhreagairt ag tabhairt eolais
- ábaltacht a léiriú
- a léiriú gur gá rud éigin a dhéanamh.

COMHRÁ

Tá Bríd sa bhaile. Tá cúpla jab beag le déanamh aici ar an teach. Tá sí ag cur glao gutháin (*telephone call*) ar Liam. Is leictreoir (*electrician*) é Liam.

Liam: Haló! Liam de Róiste anseo. An féidir liom cabhrú leat?
Hello. Liam de Róiste here. Can I help you?

Bríd: Dia is Muire duit, a Liam! Tá mise i mo chónaí i nDún Droma. Tá leictreoir uaim. Tá cúpla jab le déanamh agam i mo theach.
Hello Liam! I live in Dundrum. I need an electrician. I have a few jobs to be done in my house.

Liam: Céard atá mícheart?
What's wrong?

Bríd: Tá soicéad sa seomra suite agus níl aon chumhacht ann.
There is a socket in the sitting room and there is no power in it.

Liam: Aon rud eile?
Anything else?

Bríd: Tá solas sa chistin briste.
There is a light in the kitchen broken.

Liam: B'fhéidir go bhfuil cúpla fiús imithe.
There might be a few fuses gone.

Bríd: Tá na fiúis go léir ceart go leor. Sheicéail mé iad.
All the fuses are fine. I checked them.

Liam: Beidh mé in ann dul amach chugat maidin Dé Sathairn. Céard é do sheoladh?
I will be able to go out to you Saturday morning. What is your address?

Bríd: Uimhir a naoi, Sráid na hEaglaise.
Number nine, Church Street.

Liam: An féidir leat treoracha a thabhairt dom, más é do thoil é?
Can you give me directions please?

Bríd: Cas ar dheis ag an stáisiún peitрил, téigh díreach ar aghaidh agus cas ar chlé ansin. Tá mo theach os comhair an tséipéil.

Turn right at the petrol station, go straight ahead and turn left then. My house is opposite the church.

Liam: Feicfidh mé thú Dé Sathairn ar a haon déag a chlog.
I will see you on Saturday at eleven o'clock.

Bríd: Rud eile. Níl aon uisce agam sa bhuacaire fuar sa seomra folctha.
Another thing. I have no water in the cold tap in the bathroom.

Liam: Caithfidh tú pluiméir a fháil don jab sin. Is leictreoir mise.
You need to get a plumber for that job. I'm an electrician.

Bríd: Slán go fóill, mar sin!
Good-bye for now, so!

FOCLÓIR LE FOGHLAIM

Haló! - *Hello!*

Haigh! - *Hi!*

Dia duit! - *God be with you!*

Dia is Muire duit! - *God and Mary be with you!*

Slán - *Good-bye!*

Slán go fóill! - *Good-bye for now!*

teach - house

teach scoite - *(a) detached house*

teach leathscoite - *(a) semi-detached house*

bungaló - *(a) bungalow*

árasán - *(an) apartment*

sa bhaile - *at home*

doras - *(a) door*

fuinneog - *(a) window*

balla - *(a) wall*

díon - *(a) roof*

simléar - *(a) chimney*

geata - *(a) gate*

gairdín - *(a) garden*

garáiste - *(a) garage*

os comhair an tí - *in front of the house*

ar chúl an tí - *at the back of the house*

an chistin - *the kitchen*

seomra bia - *(a) dining room*

seomra suite - *(a) sitting room*

seomra codlata - *(a) bedroom*

seomra folctha - *(a) bathroom*

leithreas - *(a) toilet*

halla - *(a) hall*

staighre - *(a) stairs*

áiléar - *(an) attic*

guthán - *(a) telephone*

glao gutháin - *(a) telephone call*

uimhir ghutháin - *(a) telephone number*

fadhb - *(a) problem*

fadhbanna - *problems*

seirbhís - (a) service

seirbhísí - *services*

leictreoir - *(an) electrician*

pluiméir - *(a) plumber*

siúinéir - *(a) carpenter*

péintéir - *(a) painter (decorator)*

garraíodóir - *(a) gardener*

An féidir liom - *Can I?*

An féidir liom cabhrú leat? - *Can I help you?*

Tá leictreoir uaim. - *I need an electrician.*

cumhacht - *power*

leictreachas - *electricity*

trealamh - appliances

citeal leictreach - *(an) electric kettle*

iarann - *(an) iron*

tóstaer - *(a) toaster*

meaisín níocháin - *(a) washing machine*

mias - *(a) vessel (dish)*

miasniteoir - *(a) dishwasher*

sorn - *(a) cooker*

oigheann - *(an) oven*

oigheann micreathonnach - *(a) microwave oven*

teilifíseán - *(a) television set*

raidió - *(a) radio*

folúsghlantóir - *(a) vacuum cleaner*

ceart - *right*

mícheart - *wrong*

soicéad - *(a) socket*

plocóid - *(a) plug*

lasc - *(a) switch*

solas - *(a) light*

soilse - *lights*

bolgán - *(a) bulb*

Las an solas. - *Turn on (Light) the light.*

Múch an solas. - *Turn off (Quench) the light.*

fiús - *(a) fuse*

seiceáil - *check*

sheiceáil mé - *I checked*

treoir - (a) direction

treoracha - *directions*

Cas ar dheis. - *Turn to the right.*

Cas ar chlé.- *Turn to the left.*

Téigh díreach ar aghaidh. - *Go straight ahead.*

buacaire - *(a) tap*

píobán - *(a) pipe (waterpipe)*

doirteal - *(a) sink*

An mbeidh tú in ann? - *Will you be able?*

Beidh mé in ann.- *I will be able.*

cárta - *(a) card*

an fhadhb - *the problem*

seoladh - *(an) address*

AISTRIGH GO GAELIGE

Tá Bríd ag cur glao gutháin ar Stiofán. Is pluiméir é Stiofán.

Stiofán: *Hello! Stiofán O'Neill here. Can I help you?*

Bríd: *Hi! I got your card through the door. You're a plumber. I have a few jobs to be done in my house.*

Stiofán: *What's the problem?*

Bríd: *I have no water in the cold tap in the bathroom.*

Stiofán: *There might be air in the pipe.*

Bríd: *Will you be able to come out?*

Stiofán: *What is your address?*

Bríd: *Number ten, Riverview.*

Stiofán: *I will see you tomorrow morning at ten o'clock.*

Bríd: *Good-bye for now so!*

FREAGRAÍ

Stiofán: Halo! Stiofán Ó Néill anseo. An féidir liom cabhrú leat?

Bríd: Haigh! Fuair mé do chárta tríd an doras. Is pluiméir tú. Tá cúpla jab le déanamh agam i mo theach.

Stiofán: Céard í an fhadhb?

Bríd: Níl aon uisce agam sa bhuacaire fuar sa seomra folctha.

Stiofán: B'fhéidir go bhfuil aer sa phíobán.

Bríd: An mbeidh tú in ann teacht amach?

Stiofán: Céard é do sheoladh?

Bríd: Uimhir a deich, Radharc na hAbhann.

Stiofán: Feicfidh mé thú maidin amárach ar a deich a chlog.

Bríd: Slán go fóill mar sin!

GRAMADACH

Comhréir nó Ord Focal *Syntax or The Order of Words*

Uaireanta, sa Ghaeilge, athraíonn an t-ord ina bhfuil focail.
Sometimes, in Irish, the order in which words are, changes.

Mar shampla:

ag tabhairt treoracha
ach
An féidir leat treoracha a thabhairt?

ag léamh leabhair
ach
Ba mhaith liom an leabhar a léamh.

ag ól uisce
ach
B'éigean dom uisce a ól.

Athraíonn an t-ord ina bhfuil an briathar agus an t-ainmfhocal tar éis na struchtúr seo:

The order of the verb and the noun changes after the following structures:

An bhfuil cead agam...? *Do I have permission to...*

Caithfidh mé... *I have to/I must...*

B'éigean dom...*I had to...*

Bhí orm...*I had to...*

An féidir leat...? *Can you...?*

Níl mé in ann... *I am not able to...*

D'iarr sé orm... *He requested me to...*

D'éirigh liom... *I succeeded...*

Theip orm... *I failed to...*

Bain na lúbíní agus scríobh amach na habairtí seo i gceart.

1. An féidir liom (ag fáil: leabhar) as an leabharlann?

2. Caithfidh mé (ag déanamh: m'obair bhaile) anois.

3. B'éigean dom (ag imirt: cluiche peile) tar éis na scoile.

4. D'éirigh liom (ag fáil: pas) sa scrúdú.

5. Ba mhaith liom (ag cur: cárta poist) chuig m'aintín.

6. An bhfuil cead agam (ag tógáil: an liathróid)?

7. D'iarr an Príomhoide orm (ag oscailt: an scoil).

8. Níl mé in ann (ag seinm: an fheadóg).

9. Bhí orm (ag scríobh: aiste) don léachtóir.

10. Shocraigh Síle (ag ceannach: gluaisteán nua).

FREAGRAÍ

1. An féidir liom leabhar a fháil as an leabharlann?
2. Caithfidh mé m'obair bhaile a dhéanamh anois.
3. B'éigean dom cluiche peile a imirt tar éis na scoile.
4. D'éirigh liom pas a fháil sa scrúdú.
5. Ba mhaith liom cárta poist a chur chuig m'aintín.
6. An bhfuil cead agam an liathróid a thógáil?
7. D'iarr an Príomhoide orm an scoil a oscailt.
8. Níl mé in ann an fheadóg a sheinm.
9. Bhí orm aiste a scríobh don léachtóir.
10. Shocraigh Síle gluasteán nua a cheannach.

SEANFHOCAIL LE FOGHLAIM

Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

tinteán = hearth.

There is no hearth like your own hearth. There is no place like home. Home sweet home. Every savage loves his native shore.

Níl aon áit (place) níos deise (nicer) ná d'áit féin.

Is gaire cabhair Dé ná an doras.

gaire = nearer; cabhair Dé = God's help; an doras = the door.

God's help is nearer than the door. God's help is never far away.

Bíonn cabhair ó Dhia (from God) níos gaire dúinn (nearer to us) i gcónaí (always) ná mar a cheapaimid (than we think).

Is sleamhain iad leaca an tí mhóir.

sleamhain = slippery; leaca = slabs, the floor; leaca an tí mhóir = the floors of the big house.

Slippery are the floors of the big house. It is easy to slip/make a mistake when you are in an important place.

Tá sé éasca (easy) botún a dhéanamh (to make a mistake) in áit thábhachtach (in an important place).

Aithníonn ciaróg ciaróg eile.

aithníonn = recognizes; ciaróg = beetle.

One beetle recognizes another. Birds of a feather flock together.

Bíonn daoine (people) den chineál céanna (of the same type), ón tír chéanna (from the same country) nó den ghairm chéanna (from the same profession), go minic le chéile.

Is trom an t-ualach an leisce.

trom = heavy; an t-ualach = the load; leisce = laziness.

Laziness is a heavy load. A lazy person feels that every job is a difficult one.

Braitheann duine leisciúil (a lazy person) gur jab deacair (a difficult job) é gach jab.

Is namhaid í an cheird gan í a fhoghlaim.

namhaid = an enemy; an cheird = the craft, trade; gan í a fhoghlaim = without learning it.

An enemy is the craft that is not learned.

Nuair nach bhfoghlaimíonn tú ceird éigin i gceart (when you do not learn a particular craft properly), cruthóidh an cheird sin deacrachtaí duit (that craft will create difficulties for you).

Is olc an chearc nach scríobann di féin.

olc = bad, no good; an chearc = the hen; nach scríobann di féin = that does not scratch for herself.

No good is the hen that does not scratch (the ground) for herself. Lazy is the person who does not do his/her bit to get his/her own food.

Is duine leisciúil(lazy) é/í an duine nach gcuireann a bhia féin ar fáil (who does not provide food for himself).

Is minic folamh bolg le gréin.

minic = often; folamh = empty; bolg le gréin = stomach to the sun.

Often empty is the stomach towards the sun. The person sunbathing is often hungry.

An duine a bhíonn ag baint taitnimh as an saol (enjoying life), is minic a bhíonn ocras (hunger) ar an duine sin.



Is olc an chearc nach scríobann di féin.

LOGAINMNEACHA

Ainm Gaeilge	DÚN, LIOS, RÁTH Ainm Béarla	Míniú
Dún Mór	<i>Dunmore</i>	<i>the big fort</i> mór = <i>big</i>
Dún Beag	<i>Doonbeg</i>	<i>the little fort</i> beag = <i>little</i>
Dún an Óir	<i>Dún an Óir</i>	<i>the fort of gold</i> óir = <i>gold</i>
Dún Droma	<i>Dundrum</i>	<i>the fort of the hill</i> droim = <i>hill,</i> <i>drumlin</i>
Dún Phádraig	<i>Downpatrick</i>	<i>the fort of Patrick</i>
Dún Bóinne	<i>Dunboyne</i>	<i>the fort of the</i> <i>Boyne</i>
Dún Dealgan	<i>Dundalk</i>	<i>the fort of Dealga</i>
Lios Mór	<i>Lismore</i>	<i>the big fort</i>
Lios Túthail	<i>Listowel</i>	<i>the fort of Tuathal</i>
Lios Dúin Bhearna	<i>Lisdoonvarna</i>	<i>the fort of the fort</i> <i>of the gap</i> bearnna = <i>(a) gap</i>
Ráth Mór	<i>Rathmore</i>	<i>the big fort</i>
Ráth Chormaic	<i>Rathcormack</i>	<i>the fort of Cormac</i>
Ráth Garbh	<i>Rathgar</i>	<i>the rough fort</i>
Ráth Fearnáin	<i>Rathfarnham</i>	<i>the fort of the alder</i> fearnán = <i>alder</i>
Ráth Droma	<i>Rathdrum</i>	<i>the fort of the hill</i> droim = <i>hill,</i> <i>drumlin</i>

